Parlaimint na hEorpa
2019-2024

TÉACSANNA ARNA nGLACADH

P9_TA(2023)0417

Comhaontú Saorthrádála idir an tAontas agus an Nua-Shéalainn

Rún reachtach ó Pharlaimint na hEorpa an 22 Samhain 2023 ar an dréachtchinneadh ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais, an Chomhaontaithe Saorthrádála idir an tAontas Eorpach agus an Nua-Shéalainn (06600/2023 – C9-0247/2023 – 2023/0038(NLE))

(Toiliú)

Tá Parlaimint na hEorpa,

– ag féachaint don dréachtchinneadh ón gComhairle (06600/2023),

– ag féachaint don dréacht-Chomhaontú Saorthrádála idir an tAontas Eorpach agus an Nua-Shéalainn (06601/2023),

– ag féachaint don iarraidh ar thoiliú a thíolaic an Chomhairle i gcomhréir le hAirteagal 91(1), Airteagal 100(2), Airteagal 207(4) an chéad fhomhír, Airteagal 218(6), an dara fomhír, pointe (a)(v), agus Airteagal 218(7) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (C9-0247/2023),

– ag féachaint do rún neamhreachtach uaithi an 22 Samhain 2023[1] ar an dréachtchinneadh ón gComhairle,

– ag féachaint do Riail 105(1) agus (4) agus Riail 114(7) dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don mholadh ón gCoiste um Thrádáil Idirnáisiúnta (A9-0305/2023),

1. ag tabhairt a toilithe do thabhairt i gcrích an chomhaontaithe;

2. a threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig rialtais agus parlaimintí

[1] Téacsanna arna nglacadh, [P9_TA(2023)0418].

na mBallstát agus na Nua-Shéalainne.